C/2025/4104

25.7.2025

FÓGRA ÓN gCOIMISIÚN

maidir le cur i bhfeidhm na gceanglas maidir le comhroinnt sonraí a bhaineann le ceallraí faoin Treoir athbhreithnithe maidir le Fuinneamh In-athnuaite

(C/2025/4104)

Le Treoir (AE) 2023/2413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 leasaíodh Treoir (AE) 2018/2001, Rialachán (AE) 2018/1999 agus Treoir 98/70/CE a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle. Tagraítear san fógra seo ón gCoimisiún don leagan is déanaí den Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite, arna leasú in 2023, mar 'an Treoir athbhreithnithe maidir le Fuinneamh In-athnuaite' nó 'Treoir athbhreithnithe'.

Áirítear in Airteagal 20a den Treoir athbhreithnithe forálacha chun comhtháthú córais leictreachais in-athnuaite a éascú. Go sonrach, áirítear i mír 3, an dara fomhír, d'Airteagal 20a ceanglais ar mhonaróirí feithiclí sonraí a chur ar fáil, i bhfíor-am agus gan aon chostas, a bhaineann leis an staid sláinte ceallra, staid luchta ceallra, an pointe socraithe cumhachta, toilleadh ceallra, agus, i gcás inarb iomchuí, suíomh feithiclí leictreacha. Ní mór na sonraí sin a chur ar fáil d'úinéirí agus d'úsáideoirí feithiclí leictreacha, chomh maith le tríú páirtithe atá ag gníomhú thar a gceann ([1]), faoi théarmaí neamh-idirdhealaitheacha. Is é an 21 Bealtaine 2025 an sprioc-am chun an fhoráil sin a thrasuí.

Foilsíodh Teachtaireacht ón gCoimisiún an 2 Meán Fómhair 2024 arb é is aidhm di treoraíocht a thabhairt do na Ballstáit maidir le trasuí agus cur chun feidhme Airteagal 20a den Treoir ([2]) (dá ngairtear 'an treoraíocht' anseo feasta). Fógraíodh sa treoraíocht go dtacóidh an Coimisiún leis na Ballstáit an Treoir a chur chun feidhme i gcomhréir leis an treoraíocht seo agus sonrófar a thuilleadh na paraiméadair agus na sonraí nach bhfuil caighdeánaithe go fóill, de réir mar is gá, trí idirphlé, bunaithe ar fhóraim atá ann cheana (amhail an Mheitheal um Mótarfheithiclí, an Grúpa Saineolaithe um Fhuinneamh Cliste agus an Fóram um Iompar Inbhuanaithe), ina mbeidh an Coimisiún, ionadaithe na mBallstát atá freagrach as fuinneamh agus iompar, an tionscal agus páirtithe leasmhara ábhartha rannpháirteach. Luadh ann a thuilleadh go 'bhféadfaí moltaí a chur ar fáil leis an idirphlé sin i gcomhlántacht leis an reachtaíocht agus leis an treoraíocht, maidir le cur chun feidhme na forála sin'.

An 8 Deireadh Fómhair 2024, sheol an Coimisiún an t-idirphlé a fógraíodh faoi chuimsiú na Meithle um Mótarfheithiclí, agus ina dhiaidh sin bhí dhá chruinniú *ad hoc* ann an 25 Deireadh Fómhair agus an 6 Nollaig le linn na bliana céanna. Tugann an Mheitheal um Mótarfheithiclí comhairle don Coimisiún maidir le tionscnaimh bheartais agus tograí reachtacha a bhaineann le mótarfheithiclí agus tá sí comhdhéanta d'údaráis de chuid na mBallstát, d'eintitis phoiblí eile, de bhratchomhlachais agus cónaidhmeanna de chuid an Aontais ón earnáil mótarfheithiclí, ó cheardchumainn, ó eagraíochtaí sochaí sibhialta agus ó chomhlachais eile. Mar a léirítear sa treoraíocht, díríodh san idirphlé ar an dara fomhír den tríú mír d'Airteagal 20a, ag dul i ngleic go háirithe le sainmhínithe ar na pointí sonraí atá le comhroinnt ag monaróirí feithiclí agus minicíocht a n-infhaighteachta, chomh maith leis an gcomhéadan malartaithe.

Mar chomhlánú ar an treoraíocht agus bunaithe ar thoradh an idirphlé, leagann an Coimisiún amach roinnt breithnithe ba cheart a chur san áireamh i gcomhthéacs chur chun feidhme cheanglais na Treorach.

Mar a shonraítear ar leathanach a 18 den treoraíocht, na ceallraí nua feithiclí leictreacha uile a úsáidtear i bhfeithiclí ceallra-leictreacha agus i bhfeithiclí hibrideacha inluchtaithe, de chatagóir L (má tá meáchan níos mó ná 25 kg sna ceallraí), nó de chatagóirí M, N nó O, tagann siad faoi raon feidhme Airteagal 20a(3), an dara fomhír. Mar sin féin, i gcás ina bhfuil teorainneacha teicniúla ann, luaigh an Coimisiún sa treoraíocht go bhfuil feidhm ag an oibleagáid i bhfomhír 2 d'Airteagal 20a(3) maidir leis na cineálacha nua feithiclí leictreacha uile arna bhformheas faoi Rialachán (AE) 2018/858 ([3]) ón 21 Bealtaine 2025 ar aghaidh. Ba cheart a shoiléiriú, sa chás sin go bhfuil teorainneacha teicniúla ann, go bhfuil feidhm ag an oibleagáid i bhfomhír 2 d'Airteagal 20a(3) freisin maidir leis na cineálacha nua feithiclí uile a cheadaítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ([4]) ón 21 Bealtaine 2025 ar aghaidh, má tá meáchan níos mó ná 25 kg ina gceallraí.

([1]) Amhail bainisteoirí córais fuinnimh i bhfoirgnimh, soláthraithe seirbhísí soghluaisteachta agus rannpháirtithe eile sa mhargadh leictreachais.

([2]) Teachtaireacht ón gCoimisiún 'Treoraíocht maidir le hAirteagal 20a maidir le comhtháthú earnála leictreachais in-athnuaite i dTreoir (AE) 2018/2001 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, arna leasú le Treoir (AE) 2023/2413' (C(2024) 5041 final).

([3]) Le Rialachán (AE) 2018/858 cumhdaítear catagóirí M, N, O.

([4]) Le Rialachán (AE) 168/2013 cumhdaítear catagóir L (gluaisrothar go háirithe).

Luadh sa treoraíocht ar leathanach 26, faoi roinn 3.3.5 An comhéadan malartaithe, 'le haghaidh réamhaisnéis agus phleanáil na chéad oibríochta luchtaithe eile, nach mór sonraí a chur in iúl thar an líonra chun cumarsáid fíor-ama agus chianda le tríú páirtithe a chumasú'. Ar bhonn an idirphlé le páirtithe leasmhara, meastar gur féidir rochtain fíor-ama a bhaint amach má chumasaíonn monaróirí feithiclí feidhmiúlacht soláthar thar an líonra ([5]) trí phointí comhtháthaithe atá ann cheana. Dá bhrí sin, ba cheart sonraí a mhalartú ar a laghad trí fhreastalaithe cúil na monaróirí feithiclí, agus sa bhreis air sin, nuair a phlugáiltear an fheithicil isteach i bpointe athluchtaithe, agus trí aon chomhéadan cumarsáide idir an pointe athluchtaithe agus an fheithicil leictreach ([6]) (e.g. trí chumarsáid líne cumhachta, Ethernet nó Wi-Fi le haghaidh feithiclí a thacaíonn le ISO 15118 laistigh de theorainneacha shraith chaighdeán ISO 15118 atá ann cheana).

Mar a luaitear sa treoraíocht faoi roinn 3.3.2. Formáid sonraí ceallra, agus dlí an Aontais á chur chun feidhme ag na Ballstáit, moltar dóibh comhroinnt sonraí a chomhchuibhiú ar fud na hEorpa. Meabhraíonn an Coimisiún a thábhachtaí atá sé úsáid a bhaint as caighdeáin ábhartha atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo arna bhforbairt ag eagraíochtaí idirnáisiúnta nó Eorpacha um chaighdeánú nuair a bheidh siad ar fáil, toisc go n-áiritheofar leis sin go gcomhlíonfar na ceanglais i gceart.

Thángthas ar an gconclúid san idirphlé go raibh gá le roinnt caighdeáin chun cuspóir an dara fomhír d'Airteagal 20a(3) a chomhlíonadh ([7]). I ndáil leis sin, féadfaidh an Coimisiún breithniú a dhéanamh ar an bhféidearthacht iarraidh ar chaighdeánú a sheoladh le haghaidh an phrótacail cumarsáide idir freastalaithe cúil na monaróirí feithiclí agus tríú páirtithe. D'fhéadfaí é sin a bhaint amach trí úsáid a bhaint as caighdeán IEC 62746 ([8]) atá á fhorbairt faoi láthair. Trí úsáid a bhaint as na codanna ábhartha is infheidhme den chaighdeán sin nuair a bheidh siad ar fáil, d'fhéadfaí a áirithiú go gcomhlíonfar ceanglais an dara fomhír d'Airteagal 20a(3) i gceart.

Sula mbeidh an caighdeán thuasluaite réidh agus infheidhme maidir leis an gcomhéadan cianrochtana ar fhreastalaí cúil na monaróirí feithiclí, iarrann an Coimisiún ar mhonaróirí feithiclí an doiciméadacht maidir le conas luachanna na bpointí sonraí a aisghabháil a chur ar fáil d'úsáideoirí, d'úinéirí agus do thríú páirtithe atá ag gníomhú thar a gceann, faoi théarmaí neamh-idirdhealaitheacha agus gan aon chostas. Maidir le haon chomhéadan cumarsáide eile idir an pointe athluchtaithe agus an fheithicil leictreach (e.g. cumarsáid líne cumhachta, Ethernet nó Wi-Fi le haghaidh feithiclí a thacaíonn le ISO 15118 laistigh de theorainneacha shraith chaighdeán ISO 15118 atá ann cheana), mura ndéantar caighdeánú ar an doiciméadacht maidir le conas na sonraí a aisghabháil trí na comhéadain chumarsáide sin, iarrann an Coimisiún ar mhonaróirí feithiclí iad a chur ar fáil freisin d'úsáideoirí, d'úinéirí agus do thríú páirtithe atá ag gníomhú thar a gceann, faoi théarmaí neamh-idirdhealaitheacha agus gan aon chostas, chun luachanna na bpointí sonraí a aisghabháil nuair atá an fheithicil plugáilte isteach i bpointe athluchtaithe.

An treoraíocht, faoi roinn 3.3.4. Chun rochtain ar shonraí ceallraí a áirithiú i 'bhfíor-am', faoi 'téarmaí neamh-idirdhealaitheacha' agus 'gan aon chostas', leagtar amach cásanna úsáide éagsúla le haghaidh feithiclí leictreacha. Ar an mbonn sin, sainaithníodh san idirphlé trí chás úsáide fhéideartha. Iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit na moltaí seo a leanas a bhaineann le sainiú, aonaid agus minicíocht infhaighteachta na bpointí sonraí atá le comhroinnt a chur san áireamh:

Ar an gcéad dul síos, nuair atá an fheithicil ina gluaiseacht (is é sin Córas Tiomána Gníomhach, bíodh luas na feithicle os cionn náid nó ná bíodh), ba cheart sonraí a chomhroinnt trí sholáthar thar an líonra, le toiliú sainráite úsáideoir/úinéir na feithicle agus toiliú arna chúlghairm go héasca ag úsáideoir/úinéir na feithicle ([9]), a chomhfhreagraíonn do staid is deireanaí na feithicle a bhí ar eolas ag na céimeanna ama réamhshainithe seo a leanas ([10]):

— An toilleadh rátaithe agus voltas an chórais ceallra rátaithe a chomhroinntear mar phointí statacha;

— Na cineálacha sonraí atá nasctha leis an staid sláinte, lena léirítear a luachanna a taifeadadh le linn an tseisiúin athluchtaithe is déanaí;

([5]) Sainmhínítear é mar aon nasc gan sreang chun rochtain a fháil ar shonraí feithicle, mar shampla trí úsáid a bhaint as 4G-5G nó Bluetooth ó fhón cliste an úsáideora.

([6]) Nuair atá an fheithicil plugáilte isteach, sa bhreis ar mhalartú sonraí trí na freastalaithe cúil, is gá freisin sonraí a chomhroinnt tríd an gcomhéadan cumarsáide idir an fheithicil leictreach agus an pointe athluchtaithe, toisc go bhféadfadh sé nach mbeadh nasc cianda ar fáil nó go mbeadh sé lag i roinnt limistéar faoi thalamh, rud a d'fhéadfadh cosc a chur ar mhalartú sonraí fíor-ama.

([7]) D'iarr páirtithe leasmhara freisin go ndéanfaí ceanglais Airteagal 20a a ailíniú leis an reachtaíocht maidir le Cineálcheadú.

([8]) Is sraith chaighdeán é IEC 62746 a d'fhorbair an Coimisiún Idirnáisiúnta Leictriteicniúil (IEC) chun idir-inoibritheacht idir córais bainistíochta fuinnimh do chustaiméirí agus córais bainistíochta cumhachta a éascú. Is é is aidhm don tsraith comhéadain agus prótacail chumarsáide a chaighdeánú chun tacú le freagairt don éileamh agus le comhtháthú acmhainní fuinnimh dáilte.

([9]) Roinn *'3.3.3. Rochtain ar shonraí d'úinéirí, d'úsáideoirí agus do thríú páirtithe 'ag gníomhú, le toiliú sainráite, thar ceann na n-úinéirí agus na n-úsáideoirí'* [leathanaigh 23-24] den treoraíocht.

([10]) Mar gheall ar bhreithnithe praiticiúla amhail méid sonraí agus costais tarchuir, tá gá le teorainn a chur le minicíocht an nuashonraithe nuair a chomhroinntear sonraí trí fhreastalaí cúil na monaróirí feithiclí.

— An staid luchta a chomhroinntear nuair a athraíonn an céatadán de réir aonad amháin (agus, i gcás nach féidir, gach nóiméad);

— Suíomh GPS na feithicle a chomhroinntear gach nóiméad, i gcás inarb iomchuí;

— Na trí chineál sonraí dheireanacha atá nasctha leis an bpointe socraithe cumhachta, mar a thugtar tuairisc air thíos, comhroinntear iad chomh tapa agus is féidir go teicniúil.

Maidir le sonraí a chur in iúl, ar an gcaoi chéanna leis an méid a luaitear sa Teachtaireacht maidir le ceallraí suite ([11]), moltar do na Ballstáit na rialacha agus na caighdeáin atá ann cheana a úsáid (amhail caighdeán IEC 62746-4), agus dea-chleachtais a chur chun cinn, chun go n-áiritheoidh monaróirí feithiclí go gcuirfear na sonraí, agus go háirithe sonraí a bhaineann le suíomh, in iúl ar bhealach slán. Go háirithe, níl gá le sonraí pearsanta sna cásanna uile agus sonraí a bhaineann le ceallraí á gcur in iúl.

Ar an dara dul síos, nuair atá an fheithicil páirceáilte agus plugáilte isteach i bpointe athluchtaithe, ba cheart sonraí a chomhroinnt trí sholáthar thar an líonra le toiliú sainráite úinéir/úsáideoir na feithicle agus toiliú arna chúlghairm go héasca ag úinéir/úsáideoir na feithicle ([12]), agus trí aon chomhéadan cumarsáide idir an fheithicil leictreach agus an pointe athluchtaithe (e.g. cumarsáid líne cumhachta nuair atá seisiún cumarsáide gníomhach, Ethernet nó WiFi, le haghaidh feithiclí lena dtacaítear le ISO 15118 laistigh de theorainneacha shraith chaighdeán ISO 15118 atá ann cheana), a chomhfhreagraíonn do staid is deireanaí na feithicle a bhí ar eolas ag na céimeanna ama réamhshainithe seo a leanas ([13]):

— An toilleadh ainmniúil agus an voltas ceallra a chomhroinntear mar phointí statacha

— Na cineálacha sonraí atá nasctha leis an staid sláinte a chomhroinntear nuair a athraíonn céatadán an toillte de réir aonad amháin (agus i gcás nach féidir, gach lá)

— An staid luchta a chomhroinntear nuair a athraíonn an céatadán de réir aonad amháin (agus, i gcás nach féidir, gach nóiméad)

— Suíomh GPS na feithicle a chomhroinntear ag an bpointe nasctha, i gcás inarb iomchuí

— Na sonraí uile atá nasctha leis an bpointe socraithe cumhachta a chomhroinntear a thapúla is féidir go teicniúil.

Ar deireadh, nuair atá an fheithicil páirceáilte agus gan í a bheith plugáilte isteach i bpointe athluchtaithe, ní gá aon nuashonrú a dhéanamh go dtí go mbeidh adhaint na feithicle casta air: is iad na sonraí atá ar fáil staid is deireanaí na feithicle atá ar eolas sular múchadh adhaint na feithicle.

Ar mhaithe le comhroinnt sonraí a chomhchuibhiú ar fud na hEorpa, iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit na cineálacha sonraí mar a thuairiscítear sa tábla seo a leanas a shonrú ina reachtaíocht. Soiléirítear a thuilleadh sa tábla seo an fhaisnéis a chuirtear ar fáil i roinn 3.3.2. Formáid sonraí ceallra na Teachtaireachta ón gCoimisiún, bunaithe ar an idirphlé. Tugtar samplaí de chaighdeáin sa cheathrú colún den tábla thíos.

Pointe sonraí	Cineálacha sonraí gaolmhara	Statach/ dinimiciúil	Caighdeán gaolmhar más ábhartha	Aonad
Toilleadh ceallra	**Toilleadh rátaithe** i dtús a shaolré, arb é an luach ainmniúil é arna shonrú ag an monaróir faoi choinníollacha rialaithe (e.g., 25 C, sruth seasmhach). Comhfhreagraíonn sé don líon iomlán Ah is féidir a tharraingt amach ó cheallra lánluchtaithe faoi choinníollacha sonraithe an phríomhcheallra Is é sin an toilleadh tagartha a bheartaítear a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn an aosaithe agus ar an meathlú toillte gaolmhar le linn shaolré iomlán an cheallra.	Statach	ISO 18300:2016(E)	Ah+Wh

([11]) Roinn '3.3.5. *Comhéadan Malartaithe*' [leathanaigh 26-27] den Treoraíocht.

([12]) Roinn *'3.3.3. Rochtain ar shonraí d'úinéirí, d'úsáideoirí agus do thríú páirtithe 'ag gníomhú, le toiliú sainráite, thar ceann na n-úinéirí agus na n-úsáideoirí'* [leathanaigh 23-24] den treoraíocht.

([13]) Mar gheall ar bhreithnithe praiticiúla amhail méid sonraí agus costais tarchuir, tá gá le teorainn a chur le minicíocht an nuashonraithe nuair a chomhroinntear sonraí trí fhreastalaí cúil na monaróirí feithiclí.

Pointe sonraí	Cineálacha sonraí gaolmhara	Statach/ dinimiciúil	Caighdeán gaolmhar más ábhartha	Aonad
	Toilleadh Srutha ([14]), nó toilleadh inúsáidte ceallra, ag laghdú le himeacht ama.	Dinimiciúil	prEN 18060 leanúnach CEN/CENELEC Amlíne: thart ar mhí na Bealtaine 2025	Ah+Wh
	Voltas an chórais rátaithe ceallra	Statach		V
Staid sláinte	**Meathlú toillte:** léiríonn sé an laghdú le himeacht aimsire agus de bharr úsáid a thagann ar an méid luchtaithe atá ceallra in ann a sheachadadh ag an sruth rátaithe, i dtaca leis an toilleadh rátaithe bunaidh. Is féidir é a bhaint as an toilleadh rátaithe agus as an toilleadh srutha.	Dinimiciúil	prEN 18060 CEN/CENELEC leanúnach Amlíne: thart ar mhí na Bealtaine 2025	%
	Staid fuinnimh dheimhnithe mar a chuirtear in iúl trí RTD 22/Euro 7, feidhmíocht tomhaiste fuinnimh ceallra inúsáidte nó feidhmíocht fuinnimh ceallra inúsáidte ar bord ag pointe sonrach le linn a shaolré, arna léiriú mar chéatadán den fhuinneamh ceallra inúsáidte deimhnithe.	Dinimiciúil	RTD Uimh. 22 (Rialachán Teicniúil Domhanda na Náisiún Aontaithe maidir le Marthanacht Ceallraí Infheithicle le haghaidh Feithiclí Leictreacha)	%
	Staid raoin dheimhnithe mar a chuirtear in iúl trí RTD 22/Euro 7, raon leictreach tomhaiste nó raon leictreach ar bord ag pointe sonrach le linn a shaolré, arna léiriú mar chéatadán den raon deimhnithe.	Dinimiciúil	RTD Uimh. 22 (Rialachán Teicniúil Domhanda na Náisiún Aontaithe maidir le Marthanacht Ceallraí Infheithicle le haghaidh Feithiclí Leictreacha)	%
	Paraiméadair bhreise ([15]) chun léargas iomlán a fháil ar an staid sláinte (mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2023/1542): — **Fritotaíocht inmheánach** (óm), a shainmhínítear mar a chuirtear in aghaidh sreabhadh srutha laistigh de cheall nó ceallra faoi dhálaí tagartha, arb é atá ann, suim na friotaíochta leictreonaice agus na friotaíochta ianaí leis an rannchuidiú don fhriotaíocht éifeachtach iomlán lena n-áirítear airíonna ionduchtacha/toilleasacha. — **Méadú sa fhriotaíocht inmheánach** (in %) a shainmhínítear mar an méadú le himeacht ama agus de bharr úsáid na friotaíochta inmheánaí ceallra, i ndáil leis an bhfriotaíocht inmheánach bhunaidh	Statach/ Dinimiciúil	prEN 18060 CEN/CENELEC leanúnach: Amlíne: thart ar mhí na Bealtaine 2025	Aonaid éagsúla

([14]) Chuir páirtithe leasmhara i dtábhacht gur cheart an toilleadh srutha, mar a forbraíodh faoi chaighdeán leanúnach prEN 18060 CEN/CENELEC, a úsáid sa bhreis ar an toilleadh rátaithe.

([15]) Chuir páirtithe leasmhara i dtábhacht, sa bhreis ar an staid sláinte arna thomhas in %, go raibh gá le paraiméadair bhreise freisin chun léargas iomlán a fháil ar an staid sláinte ceallra, a shainmhínítear sa Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite mar thomhas ar bhail ghinearálta atá ar cheallra in-athluchtaithe agus ar an acmhainn atá aige an fheidhmíocht shonraithe a sheachadadh i gcomparáid leis an mbail a bhí air ar dtús.

Pointe sonraí	Cineálacha sonraí gaolmhara	Statach/ dinimiciúil	Caighdeán gaolmhar más ábhartha	Aonad
	— **Cumhacht** (W), a shainmhínítear mar an méid fuinnimh atá ceallra in ann a sholáthar thar thréimhse ar leith faoi dhálaí tagartha. — **Meathlú cumhachta** (%), a shainmhínítear mar an laghdú le himeacht aimsire agus de bharr úsáid a thagann ar an méid cumhachta is féidir le ceallra a sholáthar ag an sruth rátaithe faoi dhálaí tagartha. — **Éifeachtúlacht fuinnimh dé-aistir agus a mheathlú**, a shainmhínítear mar an cóimheas den ghlanfhuinneamh a sheachadann ceallra i rith tástáil díluchtaithe don fhuinneamh iomlán a éilítear chun an staid luchta tosaigh a thabhairt ar ais trí ghnáthluchtú.			
Staid luchta	Ar mhaithe le comhchuibhiú, moltar an céatadán a roinnt ó 0 go 100 den toilleadh srutha ([16]), mar a shainmhínítear faoi ISO 15118-20 (i gcás inarb é an toilleadh srutha an pointe dinimiciúil a luaitear thuas).	Dinimiciúil	Caighdeán leanúnach le haghaidh an toillte inúsáidte: prEN 18060. Amlíne: thart ar mhí na Bealtaine 2025	% + Wh
Suíomh	Suíomh GPS (taifeach méadair atá comhlíontach le RGCS)	Dinimiciúil	ISO 6709	
Pointe socraithe cumhachta	**Cumhacht/sruth uasta athluchtaithe/ díluchtaithe lena dtacaíonn an fheithicil** nuair atá sí nasctha leis an bpointe athluchtaithe.	Dinimiciúil	Mar shampla, tugtar tuairisc air in ISO 15118-20 mar a leanas: — EVMaximumChargeP-ower — EVMaximumDischargeP-ower	W+A
	Cumhacht/sruth athluchtaithe/ díluchtaithe reatha, is é sin an chumhacht ghníomhach reatha arna tomhas ag an bhfeithicil	Dinimiciúil	Mar shampla, tugtar tuairisc air in ISO 15118-20 mar a leanas: — EVPresentActivePower	W+A
	An méid cumhachta/srutha a shocraítear don fheithicil tarraingt ó stáisiún athluchtaithe nó seachadadh chuig stáisiún athluchtaithe ag aon tráth ar leith ([17]).	Dinimiciúil	Mar shampla, tugtar tuairisc air in ISO 15118-20 AC-DynamicMode mar a leanas: — EVSETargetActivePower	W+A

([16]) Chuir páirtithe leasmhara i dtábhacht go bhfuil an staid luchta a bhaineann leis an toilleadh srutha (athraitheac) níos úsáidí ná an staid luchta a bhaineann leis an toilleadh rátaithe. Thairis sin, chomhfhreagródh sé sin don chineál sonraí arna chaighdeánú faoi ISO 15118-20 (caighdeán leanúnach prEN 18060).

([17]) Tá sé bunaithe ar an méid seo a leanas: (i) Srianta Ceallra, amhail ráta glactha uaschumhachta na feithicle, an staid luchta, agus teorainneacha teirmeacha (e.g., cumhacht laghdaithe gar don lánluchtú nó ag teochtaí arda/ísle); (ii) Teorainneacha Stáisiúin Athluchtaithe, lena sainítear an t-aschur uasta is féidir leis an stáisiún a sheachadadh; (iii) Tosca Eangaí agus Comhshaoil, lena n-áirítear bainistíocht lóid fíor-ama, ceanglais maidir le cobhsaíocht eangaí, agus rialacháin áitiúla.

Pointe sonraí	Cineálacha sonraí gaolmhara	Statach/ dinimiciúil	Caighdeán gaolmhar más ábhartha	Aonad
	Uasteorainn agus íosteorainn an imchlúdaigh cumhachta atá gníomhach faoi láthair agus a chuirfidh an Córas Bainistithe Ceallra i bhfeidhm, nó aonaid rialaithe eile, chun an ceallra a chosaint. Moltar téarmaí ginearálta na n-uasteorainneacha agus na n-íosteorainneacha a shainiú de réir EN 50491-12. Sainítear leis sin an raon cumhachta atá indéanta go teicniúil le haghaidh an an Chórais Bainistithe Ceallra. Faoi na coinníollacha áirithe, ní cheadófar aistriú fuinnimh chun tosaigh nó droim ar ais taobh amuigh den imchlúdach (raon) sin leis na bearta sábháilteachta lena gcosnaítear an ceallra.	Dinimiciúil		W
	Uasteorainn agus íosteorainn an imchlúdaigh cumhachta atá gníomhach faoi láthair agus a urramóidh Aonad Rialaithe Athluchtaithe Feithiclí na feithicle agus an pointe socraithe cumhachta atá ann faoi láthair le haghaidh an aonaid athluchtaithe ar bord á ríomh. Sainítear leis an imchlúdach seo an raon inghlactha don phointe socraithe cumhachta ó thaobh sprioc maidir le barr feabhais nó solúbthacht de ([18]). Soláthraíonn algartam inmheánach pleanála athluchtaithe an Aonaid Rialaithe Athluchtaithe Feithiclí é de ghnáth, agus múnlaíonn srianta seachtracha é go minic, ar srianta iad a sholáthraíonn na monaróirí feithiclí don fheithicil thar ceann tríú páirtithe (soláthraithe seirbhísí soghluaisteachta agus rannpháirtithe eile sa mhargadh leictreachais). I gcásanna comhtháthaithe le córas bainistíochta fuinnimh foirgneamh, léireoidh an t-imchlúdach spriocanna solúbthachta an fhoirgnimh, ar cheart do Aonaid Rialaithe Athluchtaithe Feithiclí na feithicle iad a chur san áireamh.	Dinimiciúil (scríobh, brú - arna soláthar nuair is gá, le comhroinnt freisin agus an fheithicil ina gluaiseacht).	Mar shampla, tugtar tuairisc air in ISO 15118-20 teachtaireachtaí lúibe rialaithe maidir le haistriú fuinnimh mar a leanas: — EVMaximumChargeP-ower — EVMaximumDischargeP-ower	W
	Sonraí atá nasctha leis an bhfuinneamh atá ar fáil/in-athluchtaithe go dtí an staid luchta íosta arna shainiú ag custaiméir. Léiríonn sé go háirithe an difríocht fuinnimh idir leibhéal fuinnimh reatha cheallra na feithicle agus an leibhéal íosta fuinnimh a éilíonn an t-úsáideoir deiridh atá le coinneáil laistigh den cheallra.	Dinimiciúil (le comhroinnt freisin agus an fheithicil ina gluaiseacht)	Mar shampla, tugtar tuairisc air in ISO 15118-20 DynamicMode mar a leanas: — EVTargetEnergyRequest	Wh

([18]) Mar a luaitear in aithris 52 de Threoir (AE) 2023/2413, dá gcomhroinnfí na sonraí sin, chuideofaí le hoibríochtaí feithiclí leictreacha a bhaineann le comhtháthú a éascú agus seirbhísí solúbthachta agus cothromúcháin a fhorbairt ó chomhiomlánú na sócmhainní stórála dáilte ar bhealach iomaíoch. Dá gcomhroinnfí an pointe sonraí sin, thacófaí le feithicil a chomhtháthú i gcóras áitiúil bainistithe fuinnimh (Córas Bainistíochta Fuinnimh nó Bainisteoir Fuinnimh do Chustaiméirí). Dá sárófaí an t-imchlúdach sin, ní chomhlíonfaí riachtanais na seirbhísí solúbthachta nó cothromúcháin, amhail na seirbhísí sin arna dtionscnamh ag comhbhailitheoir sócmhainní stórála dáilte nó ag córas bainistíochta fuinnimh foirgneamh.

Pointe sonraí	Cineálacha sonraí gaolmhara	Statach/ dinimiciúil	Caighdeán gaolmhar más ábhartha	Aonad
	Sonraí atá nasctha leis an bhfuinneamh atá ar fáil/in-athluchtaithe go dtí an staid luchta uasta arna shainiú ag custaiméir. Léiríonn sé go háirithe an difríocht fuinnimh idir leibhéal fuinnimh reatha cheallra na feithicle agus an leibhéal uasta fuinnimh is féidir leis an úsáideoir deiridh a úsáid. Ba cheart loighic na sainmhínithe gaolmhara ar shonraí in ISO 15118-20 a úsáid (uasteorainneacha, sprioc-theorainneacha, teorainneacha boga uachtaracha agus íosteorainneacha V2X,...).	Dinimiciúil (le comhroinnt freisin agus an fheithicil ina gluaiseacht)	Mar shampla, tugtar tuairisc air in ISO 15118-20 DynamicMode mar a leanas: — EVMaximumEnergyRequest — EVMaximumV2XEnergyRequest — EVMinimumV2XEnergyRequest	Wh